# Reifrinn Bunreacht ar an 8 Márta 2024

Reáchtálfar reifrinn ar an mBille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Teaghlach), 2023 agus ar an mBille um an Daicheadú Leasú ar an mBunreacht (Cúram), 2023, an 8 Márta 2024. Chun tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar www.electoralcommission.ie

**Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais do Chlár na dToghthóirí ná:**
**Dé Máirt 20ú Feabhra 2024**

**Le bheith i dteideal chun vótáil i Reifreann:**
(a) Ní mór duit a bheith 18 mbliana d'aois ar nó roimh an 8 Márta 2024
(b) Ní mór duit a bheith i do chónaí go lánaimseartha ag an seoladh ag ar mian leat a bheith cláraithe.
(c) Ní mór saoránacht Éireannach a bheith agat.

Is féidir iarratais ar chlárú chun vótáil a dhéanamh ar líne ag www.checktheregister.ie.
Is féidir foirmeacha a íoslódáil ó www.checktheregister.ie.
Tá foirmeacha ar fáil freisin in oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

**Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais le bheith ar liosta na vótálaithe Speisialta nó Poist ná: Dé Luain 12ú Feabhra 2024**

### Vótóirí Speisialta

Is iad na toghthóirí atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar stádas vótálaí speisialta ná daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu in ospidéal, i dteach altranais nó in institiúid dá samhail nach bhfuil in ann dul go pearsanta chun vótáil ag stáisiún vótaíochta mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas ar dóigh dó leanúint ar aghaidh ar feadh na tréimhse cláraithe.

### Vótóirí Poist

Déantar foráil do vótaí poist maidir le catagóirí áirithe daoine mar a shonraítear sa dlí toghcháin. Forálann an tAcht Toghcháin 1992 do vótáil phoist do chomhaltaí na nGardaí, do chomhaltaí lánaimseartha d'Óglaigh na hÉireann, agus do thaidhleoirí Éireannacha atá ag fónamh thar lear agus dá gcéilí. Le reachtaíocht a d'achtaigh an tOireachtas ina dhiaidh sin leathnaíodh vóta poist chuig catagóirí eile:

- Toghthóirí a chónaíonn sa mbaile nach bhfuil in ann vótáil go pearsanta ag a n-ionad vótála áitiúil ar lá an vóta mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas.
- Toghthóirí nach mbeadh sé d'acmhainn acu vótáil go pearsanta ag a n-ionad vótála áitiúil ar lá an vóta mar gheall ar a slí bheatha, a seirbhís nó a bhfostaíocht.
- Mic léinn lánaimseartha atá cláraithe ina dteach agus atá ina gcónaí in áit eile agus iad ag freastal ar fhoras oideachais sa Stát.
- Duine ar Toghthóir Gan Ainm nó baill de theaghlach an duine a mbeadh a shábháilteacht i mbaol dá bhfoilseofaí a (h)ainm agus a seoladh ar chlár na dtoghthóirí.
- Príosúnaigh - duine atá á choinneáil in aon áitreabh atá faoi choimeád dlíthiúil.

Ní féidir iarratais chun a bheith ar liosta na vótálaithe speisialta nó do vótálaithe poist a dhéanamh ar líne.

Is féidir foirmeacha a íoslódáil ó www.checktheregister.ie.

Tá foirmeacha ar fáil freisin in oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Seol Iarratais ar ais chuig: An Rannóg Cearta Vótála, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh H91 H6KX.
Le haghaidh fiosruithe **glaoigh ar** 091 509310 nó seol ríomhphost chuig *electors@galwaycoco.ie.*